

1. **Téigh** abhaile.  
**Ná téigh** isteach ansin. **Go home.**  
**Don't go** in there.
2. **An ndeachaigh** tú go hÉirinn?  
**Chuaigh. Chuaigh** mé ann anuraidh.  
**Ní dheachaigh. Ní dheachaidh** mé ann go fóill. **Did you go** to Ireland?  
**Yes. I went** there last year.  
**No. I didn't go** there yet.
3. **An dtéann** tú ag obair go luath?  
**Téim. Téim** ag a sé ar maidin.  
**Ní théim. Ní théim** ag obair go dtí a deich. **Do you go** to work early?  
**Yes. I go** at six in the morning.  
**No. I don't go** to work until ten.
4. **An rachaigh** tú go Teach na hÉireann ar an deireadh seachtaine?  
**Rachaidh. Rachaidh** mé ann Dé Sathairn.  
**Ní rachaidh. Ní rachaidh** mé ann. **Will you go** to the House of Ireland on the weekend?  
**Yes. I will go** there on Saturday.  
**No. I won't go** there.
5. **An rachfá** abhaile ar an mbus?  
**Rachainn. Rachainn** ar an mbus.  
**Ní rachainn. Rachainn** ar an traein. **Would you go** home on the bus?  
**Yes. I would go** on the bus.  
**No. I would go** on the train.
6. An bhfuil tú ag **dul** amach anocht?  
Ar mhaith leat **dul** go hÉirinn?  
Caithfidh tú **dul** abhaile.  
Dúirt sí **gan dul** isteach. **Are you going** out tonight?  
**Would you like to go** to Ireland?  
You have **to go** home.  
She said **not to go** out.
7. **Ceisteanna**  
a. An ndeachaigh tú riamh go hÉirinn?  
b. Cá ndeachaigh tú ar an deireadh seachtaine?  
c. An dtéann tú go Starbucks?  
d. An rachaidh tú go Teach na hÉireann ar an deireadh seachtaine?  
e. An rachfá go hÉirinn sa gheimhreadh?  
f. An bhfuil tú ag dul amach anocht?  
**Questions**  
a. Did you ever go to Ireland?  
b. Where did you go on the weekend?  
c. Do you go to Starbucks?  
d. Will you go to the House of Ireland on the weekend.  
e. Would you go to Ireland in the winter?  
f. Are you going out tonight?

**Fornocht do Chonaic Thú**  
*le Pádraig Mac Piaras*

1. Fornocht do chonaic thú,  
A áille na háille,  
Is do dhallas mo shúil  
Ar eagla go stánfainn.
2. Do chualas do cheol,  
A bhinne na binne,  
Is do dhúnas mo chluas  
Ar eagla go gclisfinn.
3. Do bhlaiseas do bhéal,  
A mhilse na milse,  
Is do chruas mo chroí  
Ar eagla mo mhillte.
4. Do dhallas mo shúil,  
Is mo chluas do dhúnas,  
Do chruas mo chroí  
Is mo mhian do mhúchas.
5. Do thugas mo chúl  
Ar an aisling do chumas,  
'S ar an ród seo romham  
M'aighaidh do thugas.
6. Do thugas mo ghnúis  
Ar an ród seo romham,  
Ar an ngníomh do-chím  
'S ar an mbás do-gheobhad.

**Naked I Saw You**  
*by Patrick Pearse*

- Naked I saw thee,  
O beauty of beauty,  
And I blinded my eyes  
For fear I should fail.
- I heard thy music,  
O melody of melody,  
And I closed my ears  
For fear I should falter.
- I tasted thy mouth,  
O sweetness of sweetness,  
And I hardened my heart  
For fear of my slaying.
- I blinded my eyes,  
And I closed my ears,  
I hardened my heart  
And I smothered my desire.
- I turned my back  
On the vision I had shaped,  
And to this road before me  
I turned my face.
- I have turned my face  
To this road before me,  
To the deed that I see  
And the death I shall die.

**Caide Sin don té sin**

**Traditional (Clannad)**

- |  |  |
|--|--|
| 1. Chuaigh mé chun aonaigh is dhíol mé mo bhó              | I went to the fair and I sold my cow                 |
| 2. Ar chúig phunta airgid is ar ghiní bhuí óir             | For five pounds of silver and a golden guinea        |
| 3. Má ólaim an t-airgead is má bhronnam an t-ór            | If I drink the silver and if I give away the gold    |
| 4. Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó            | Oh what does it matter to the one it doesn't concern |
| 5. Má théim 'na choille chraobhaigh cruinniú sméara nó cnó | If I go to the thick woods to gather berries or nuts |
| 6. A bhaint úllaí de ghéaga nó a bhuachailleacht bó        | To take apples from the branches or to herd cows     |
| 7. Má shínim seal uaire faoi chrann a dhéanamh só          | If I stretch out under a tree for an hour to relax   |
| 8. Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó            | Oh what does it matter to the one it doesn't concern |
| 9. Má théimse chuig áirneál is rince is spórt              | If I go to night-visiting and a dance and fun        |
| 10. Chuig aonach is rásaí is gach cruinniú den tsórt       | To a fair and races and every such gathering         |
| 11. Má chím daoine súpach is má bhím súpach leo            | If I see people merry and if I'm merry with them     |
| 12. Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó           | Oh what does it matter to the one it doesn't concern |

**Bean Pháidín**

**Traditional (Lasairfhiona Ní Chonaola)**

**curfa**

1. 'Sé an truaigh nach mise, nach mise
2. 'Sé an truaigh nach mise bean Pháidín
3. 'Sé an truaigh nach mise, nach mise
4. 'S an bhean atá aige a bheith caillte

**chorus**

- It's a pity that I am not, that I am not  
It's a pity that I am not Páidín's wife  
It's a pity that I am not, that I am not  
And the woman he has to be dead
- I would go to Galway, to Galway  
And I would go to Galway with Páidín  
I would go to Galway, to Galway  
And I would return home in the boat with him

**curfa**

9. Rachainn go hAonach an Chlocháin
10. 'S isteach go Béal Átha na Báighe
11. Bhreathnóinn isteach tríd na fuinneogaí
12. 'Súil 's go bhfeicfinn bean Pháidín

**chorus**

- I would go to the Clifden market  
And into Ballinaboy  
I would look in through the windows  
Hoping to see Páidín's wife

**curfa**

13. Go mbristear do chosa, do chosa
14. Go mbristear do chosa, a bhean Pháidín
15. Go mbristear do chosa, do chosa
16. Go mbristear do chosa 's do chnámha

**chorus**

- May you break your legs, your legs  
May you break your legs, Páidín's wife  
May you break your legs, your legs  
May you break your legs and your bones

**curfa**

17. Chaith mé mo bhróga, mo bhróga
18. Chaith mé mo bhróga i ndiaidh Pháidín
19. Chaith mé mo bhróga, mo bhróga
20. Chaith mé na boinn is na sála

**chorus**

- I wore out my shoes, my shoes  
I wore out my shoes chasing Páidín  
I wore out my shoes, my shoes  
I wore out the soles and the heels

**curfa (x2)**

**chorus (x2)**